

Socruithe athbhreithnithe do Chúrsaí Samhraidh nua do 2022

Cuireann clár an chúrsa samhraidh do mhúinteoirí le contanam foghlama gairmiúla na múinteoirí. Is iad cuspóirí an chláir ná nuálaíocht agus sármhaitheas a chur chun cinn sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú, agus chun tacú leis na spriocanna atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne- Cumasú 2020-2022 agus le tosaíochtaí náisiúnta eile atá ábhartha ag an am seo.

Go raibh maith agat as d'ionchur agus as do chomhoibriú chun an clár tábhachtach seo a chur ar fáil. I gcomhar lena chéile, leanfaimid dár n-iarrachtaí chun eispéiris foghlama na múinteoirí a fheabhsú agus chun a chinntiú go mbeidh tionchar buan ag a gcuid foghlama ar thorthaí agus ar eispéiris foghlama na ndaltaí.

Cuireadh tús le timthriall faofa trí bliana in 2020 do na cúrsaí samhraidh sin lena mbaineann teidlíocht laethanta saoire pearsanta breise (LSP) do mhúinteoirí bunscoile. Féadfaidh cúrsaí a faomhadh in 2020 agus 2021 a bheith faofa go dtí deireadh an timthriall.

Ó cuireadh tús leis an timthriall trí bliana, tá líon an-mhór ann de chúrsaí sna catagóirí seo :

1. Réimsí eile curaclaim
2. Téamaí ceannaireachta, bainistíochta agus eile a bhaineann leis an scoil.

Níl an méid céanna ann do Litearthacht (Béarla agus Gaeilge) agus/nó uimhearthacht.

De thoradh an easnaimh seo, tugtar cuireadh do sholáthraithe cúrsaí nua a chur isteach **sa dá chatagóir seo amháin**

- **Litearthacht (Béarla agus Gaeilge) agus/nó uimhearthacht chun freastal ar riachtanais raon foghlaimeoirí i ngach bunscoil**
- **Cúrsaí a thacaíonn le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.**

Sa Leabhrán do Sholáthraithe **2022**, leagtar amach na riachtanais agus na critéir riaracháin chun cúrsaí samhraidh do mhúinteoirí a fhaomhadh agus a sheachadadh, lena mbaineann teidlíocht maidir le laethanta saoire pearsanta breise (LSP) do mhúinteoirí bunscoile. Is féidir na sonraí ar fad agus foirmeacha iarratais chun leas a bhaint as an gcur chuige seo a fháil ar shuíomh gréasáin Ionad Oideachais Dhroim Conrach